# Oifigeach Turasóireachta

| | |
|---|---|
| Fostóir | Comharchumann Forbartha Mhúscraí |
| Tréimhse | 3 bliana |
| Ceantar feidhme | Gaeltacht Mhúscraí |
| Tuarastal | Scála pá 35-39,000, ag brath ar tháithí |
| Dáta Deiridh don Iarratas | 11 ú Lúnasa 2025 roimh 5 i.n. |

Tá post mar Oifigeach Turasóireachta, a mhairfidh suas go 3 bliana á thairiscint ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí.
Duine cumasach le cáilíocht ábhartha agus spéis i gcur chun cinn agus i bhforbairt cúrsaí turasóireachta i Múscraí, go háirithe turasóireacht chultúrtha agus éispéiris inbhuanaithe. Mar chuid den ról beidh an té a cheapfar ag freastal ar chlár foghlama eagraithe ag Údarás na Gaeltachta.
Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu.

Cúlra:
Tá Achoimre ar an bPlean Turasóireachta (2022-2025) agus an Plean Gníomhaíochta (2025-2028) ar fáil ar ár suíomh muscrai.org faoi Grá Mhúscraí.
https://muscrai.org/experience-gaeltacht-mhuscrai/
Tá cur síos ar na haidhmeanna, agus na tosaíochtaí atá leagtha amach don tréimhse 2025-2028. Is é an príomhaidhm na turasóireacht chultúrtha inbhunaithe a chur chun cinn. Tá trí príomhthosaíocht i gceist.

- Slí Ghaeltacht Mhúscraí - tá máistirphlean le chur i bhfeidhm
- An Súgán. Beidh togra faoi Choiste Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh, An Súgán le
- forbairt. www.ansugan.ie
- Eispéiris turasóireachta chultúrtha a fhorbairt, go háirithe i réimse an bhia agus dí áitiúil agus na folláine

Tá suíomh gréasán ar léith forbartha do chúrsaí turasóireachta sa cheantar: www.gaeltachtmhuscrai.ie agus táimid gníomhach ar na meáin shoisialta, faoi bhranda Grá Mhúscraí.

**Sonraí Poist**

Beidh an tOifigeach freagrach as tionscadail turasóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i nGaeltacht Mhúscraí, ag díriú ar:

- éispeirís chultúrtha a chur chun cinn -
- forbairt agus cur chun cinn Shlí Gaeltacht Mhúscraí agus bealaí siúil eile,
- forbairt agus dul chun cinn An Súgán, Béal Átha an Ghaorthaidh. Tuilleadh eolais ar fáil ar
- www.sugan.ie
- éispeirís bídh agus táirgí áitiúla a spreagadh
- turasóireachta inbhuanaithe a chur chun cinn i dteannta le Múscraí Glas
- ag tacú le pácáistí a fhorbairt i dteannta le féiltí áitiúla - tá féilíre d'imeachtaí ann
- Margaíocht ábhartha agus ábhar digiteach a chruthú chun turasóirí a mhealladh.
  Comhoibriú le húdaráis turasóireachta réigiúnacha agus náisiúnta.

**Riachtanais / Cáilíochtaí**
Éigeantach:

- Céim nó cáilíocht i réimse cuí (Turasóireacht, Margaícoht,Gnó , srl) nó trí bliana taithí ábharaithe.
  Gaeilge bhreá scríofa agus labhartha
- Taithí ar chomhordú tionscnamh agus tionscadal
- Scileanna cumarsáide, nó taithí margaíochta digití agus cruthú ábhair (grianghrafadóireacht,
- sóisialta, srl)
- Scileanna riarcháin, bainistiú buiseád, srl.
- Ceadúnas tiomána iomlán
-

Buntáistí :

- Eolas áitiúil ar Ghaeltacht Mhúscraí.
- Eolas ar an earnáil turasóireachta agus na páirtithe leasmhara
- Tiomantas do phrionsabail inbhuanaitheachta.

Seol litir ag léiriú do spéis sa phost agus do CV chuig:
eolas@muscrai.org roimh an 11ú Lúnasa, 5 i.n.

Tá tacaíocht chun an post seo a chruthú á chur ar fáil ag Údarás na GAeltachta . Beidh an té a cheapfar páirteach i gréasáin foghlama de thograí straitéiseachta turasóireachta sa nGaeltacht.

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH